Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12441/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0192 (NLE)**

**COLAC 128**
**POLCOM 212**
**SERVICES 48**
**FDI 43**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 357 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 357 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 357 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 357 final

2025/0192 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é atá sa togra atá i gceangal an ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua (dá ngairtear 'Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR' anseo feasta).

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach ('AE') agus MERCOSUR[1] bunaithe faoi láthair ar an gCreat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, agus an Cómhargadh Theas agus a Stáit Chomhpháirteacha, a síníodh i Maidrid, an 15 Nollaig 1995.

An 13 Meán Fómhair 1999, thug Comhairle an Aontais Eorpaigh údarú don Choimisiún Eorpach tús a chur le caibidlíocht le MERCOSUR agus ghlac sí treoracha caibidlíochta. Rinneadh an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na codanna den Chomhaontú a bhaineann le trádáil.

Thóg sé breis agus 25 bliana an chaibidlíocht a dhéanamh. An chaibidlíocht maidir leis na codanna a bhaineann le trádáil, tugadh i gcrích í den chéad uair i mí an Mheithimh 2019 agus tugadh an chuid pholaitiúil agus comhair den chaibidlíocht i gcrích i mí an Mheithimh 2020. Le linn 2023 agus 2024, rinne an tAontas agus MERCOSUR gnéithe breise a chaibidliú, go háirithe an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear gealltanais threisithe maidir le dífhoraoisiú chomh maith le forálacha lena dtugtar níos mó solúbthachta do MERCOSUR maidir le roinnt gealltanas a bhaineann leis an mbeartas tionsclaíoch (e.g. soláthar poiblí). Thug an tAontas agus MERCOSUR an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta i gcrích an 6 Nollaig 2024 in Montevideo Uragua.

Is é an toradh atá air sin comhaontú uaillmhianach a théann i bhfad níos faide ná Creat-Chomhaontú 1995 agus lena bhfreagraítear do dhúshláin dhomhanda an lae inniu. Le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR, cuirfear borradh faoi na naisc straitéiseacha pholaitiúla agus eacnamaíocha idir comhpháirtithe iontaofa arb ionann meon dóibh, bunaithe ar luachanna uilíocha comhroinnte amhail an daonlathas agus cearta an duine. Is comhaontú nua-aimseartha é lena gcuirtear ar son na trádála oscailte riailbhunaithe agus an chomhraic i gcoinne na caomhnaitheachta agus do chur chun cinn na forbartha inbhuanaithe. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil do mhórghnóthachain fhrithpháirteacha tríd an gcomhar neartaithe. Céim

[1] Is próiseas lánpháirtithe réigiúnaigh é an Cómhargadh Theas (MERCOSUR ina inisealacha Spáinnise) a bhunaigh an Airgintín, an Bhrasaíl, Paragua agus Uragua ar dtús, agus ina dhiaidh sin tháinig Veiniséala (atá ar fionraí faoi láthair) agus an Bholaiv (atá ag tabhairt faoin bpróiseas aontachais) isteach ann. Is iad an Airgintín, an Bhrasaíl, Paragua agus Uragua agus iad sin amháin atá ina bpáirtithe i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR.

thábhachtach a bheidh ann chun na naisc idir togha comhpháirtithe a neartú agus chun ról an Aontais Eorpaigh i Meiriceá Theas a fheabhsú.

Seoladh téacsanna caibidlithe na gcodanna polaitiúla agus comhair den Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR chuig Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach i mí Aibreáin 2025. D'fhoilsigh an Coimisiún téacsanna caibidlithe na gcodanna den dréacht-chomhaontú a bhaineann le trádáil i mí Lúnasa 2019 agus i mí na Nollag 2024.

Dhá ionstraim dlí atá sa toradh a caibidlíodh:

1. Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR, lena n-áirítear a) an colún Polaitiúil agus Comhair agus b) an colún Trádála agus Infheistíochta; agus
2. an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta.

Síníodh Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR agus an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil an tráth céanna. Tiocfaidh an dá chomhaontú i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta ar a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad a nósanna imeachta inmheánacha féin i gcrích ba ghá chun na críche sin. Rachaidh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil in éag agus cuirfear Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR ina ionad ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta sin, tar éis do na páirtithe uile é a dhaingniú. Leis an gcinneadh seo ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích maille le toiliú Pharlaimint na hEorpa, cuirtear toiliú an Aontais Eorpaigh in iúl a bheith faoi cheangal an Chomhaontaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR cuirtear creat dlíthiúil cuimsitheach ar fáil don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus MERCOSUR agus cuirtear é in ionad an Chreat-Chomhaontaithe Idir-Réigiúnaigh Comhair atá ann faoi láthair idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, agus an Cómhargadh Theas agus a Stáit Chomhpháirteacha, a síníodh i Maidrid an 15 Nollaig 1995.

Tá Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR i gcomhréir iomlán le fís fhoriomlán an Aontais dá chomhpháirtíocht le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a glacadh an 7 Meitheamh 2023. Láithreacht an Aontais i Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib trí bhíthin na gceithre réigiún is forimeallaí (Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique agus Saint-Martin), chomh maith le Tíortha agus Críocha Thar Lear, buntáiste atá sa láithreacht sin don chomhpháirtíocht seo.

Ina theannta sin, tá an Chuid Trádála agus Infheistíochta de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR i gcomhréir leis an 'Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála - Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Treallúsach', a foilsíodh i mí Feabhra 2021, lena ndéantar beartas trádála agus infheistíochta a dhaingniú le caighdeáin agus luachanna Eorpacha agus uilíocha, maille le príomhleasanna eacnamaíocha, agus béim níos mó á leagan ar fhorbairt inbhuanaithe, ar chearta an duine, ar imghabháil cánach, ar chosaint tomhaltóirí, agus ar thrádáil fhreagrach agus chóir.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh agus ní chuirfidh sé d'fhiacha ar an Aontas Eorpach leasú a dhéanamh ar a rialacha, ar a rialacháin ná ar a chaighdeáin in aon earnáil rialaithe, e.g. rialacha teicniúla agus caighdeáin táirgí, rialacha sláintíochta agus fíteasláintíochta, rialacháin maidir le bia agus sábháilteacht, caighdeáin slándála agus sábháilteachta, rialacha maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí.

Tá caibidil i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena nasctar an Comhaontú le cuspóirí foriomlána maidir le forbairt inbhuanaithe agus le cuspóirí sonracha i réimsí an tsaothair, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide.

Thairis sin, le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR, tugtar cosaint iomlán do sheirbhísí poiblí agus áirithítear go gcaomhnaítear go hiomlán ceart na rialtas rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus gur bunphrionsabal den Chomhaontú é an ceart sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Cumhdaítear le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR réimsí a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, an iompair, an chomhair um fhorbairt agus an chomhair eacnamaíoch, airgeadais agus theicniúil le tríú tíortha. Dá bhrí sin, is iad Airteagail 91, 100(2), 207, 209 agus 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe.

Déantar foráil le hAirteagal 218(6) CFAE go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Le hAirteagal 218(7) CFAE, cuirtear ar a cumas don Chomhairle a údarú don Choimisiún modhnuithe ar an gcomhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir, de réir mar a bheidh, coinníollacha sonracha a fhéadfaidh an Chomhairle a chur leis an údarú sin.

Foráiltear le hAirteagal 218(8) CFAE go bhfuil an Chomhairle le gníomhú trí thromlach cáilithe seachas i gcás na gcúinsí a liostaítear sa dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, agus sna cúinsí sin tá an Chomhairle le gníomhú d'aon toil. Ós rud é gurb iad an beartas trádála, iompar, an comhar um fhorbairt agus an comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha na príomh-chomhpháirteanna den Chomhaontú, is é an tromlach cáilithe an riail vótála a bheidh ann sa chás áirithe seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

An 13 Meán Fómhair 1999, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún Eorpach dul i mbun caibidlíochta le MERCOSUR. Dá bhrí sin, measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

Leis na codanna sin de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR a thagann faoi inniúlacht an Aontais a roinntear leis na Ballstáit, cumhdaítear réimsí beartais agus gnéithe lena gcumasaítear gníomhaíocht sheachtrach ar leibhéal an Aontais. Sna réimsí beartais ina

ndearnadh gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, is léir gurb é an tAontas a fheidhmeoidh an ghníomhaíocht sheachtrach (Airteagal 3(2) CFAE). Ina theannta sin, chun comhar fóinteach a bhaint amach agus chun seasamh caibidlíochta níos láidre a bheith ann i leith MERCOSUR, measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos inmhianaithe ná gníomhaíocht ar leibhéal na mBallstát aonair. Dá bhrí sin, measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

A mhéid a bhaineann leis an gcuid de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR a bhaineann le Trádáil agus Infheistíocht, is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais é an comhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE.

- **Comhréireacht**

Leis an tionscnamh seo, saothraítear go díreach cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Tá sé i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh, is é sin dul i gcaidreamh le tíortha eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, chun cuspóirí seachtracha an Aontais a bhaint amach. Cuireann sé le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais. Tá an togra i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Rinneadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta arna leagan amach ag an gComhairle. Ní théann toradh na caibidlíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a leagtar amach sna treoracha caibidlíochta a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tabhairt i gcrích an chomhaontaithe. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Le linn na caibidlíochta le MERCOSUR, coimisiúnaíodh Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta ó chonraitheoir seachtrach chun staidéar a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag an gcuid den chomhaontú a bhaineann le trádáil. Chuir an measúnú tionchair sin leis an gcaibidlíocht agus thug sé eolas do na hidirbheartaithe agus seirbhísí an Choimisiúin. Foilsíodh an tuarascáil chríochnaitheach an 29 Márta 2021.

Agus an measúnú tionchair sin á ullmhú ag an gconraitheoir, chuaigh sé i gcomhairle go forleathan le saineolaithe inmheánacha agus seachtracha, d'eagraigh sé comhairliúcháin phoiblí agus ceardlanna, rinne sé ceistneoirí ar líne agus reáchtáil sé cruinnithe déthaobhacha agus agallaimh leis an tsochaí shibhialta san Eoraip agus in MERCOSUR araon. Trí na comhairliúcháin sin, cuireadh ardán luachmhar éifeachtach ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht

na bpríomhpháirtithe leasmhara agus na sochaí sibhialta, a raibh líon suntasach díobh rannpháirteach sna comhairliúcháin.

Rinneadh caibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le gnéithe polaitiúla agus comhair an Chomhaontaithe seo, agus i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na gnéithe den Chomhaontú seo a bhaineann leis an trádáil, ós iad atá ina gcoiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta freisin tríd an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta agus Grúpa Faireacháin MERCOSUR. Na téacsanna a bhí mar thoradh ar an gcaibidlíocht, scaipeadh iad ar an dá institiúid le linn an phróisis caibidlíochta. D'eagraigh an Coimisiún roinnt cruinnithe agus teagmhálacha leis an tsochaí shibhialta (Idirphléití leis an tSochaí Shibhialta) freisin chun an dul chun cinn agus na seasaimh chaibidlíochta le linn na caibidlíochta a phlé.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is é an conraitheoir seachtrach 'London School of Economics Enterprise' a rinne an '*Sustainability Impact Assessment in Support of the Association Agreement Negotiations between the European Union and MERCOSUR [Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta mar thaca leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus MERCOSUR]*'. Déantar scrúdú ann ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta mar aon leis an tionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú trádála.

Rinne seirbhísí an Choimisiúin an 'Measúnú Eacnamaíoch ar an Toradh Caibidlíochta' tar éis thabhairt i gcrích na caibidlíochta agus léiríodh toradh na caibidlíochta ann.

- **Measúnú tionchair**

Tá dhá chomhpháirt chomhlántacha sa Mheasúnú Tionchair Inbhuanaitheachta. Ar an gcéad dul síos, anailís láidir ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta, agus na tionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhaontú trádála atá faoi chaibidil san Aontas, i dtíortha MERCOSUR agus i dtíortha ábhartha eile. Ar an dara dul síos, próiseas leathan comhairliúcháin lena mbaineann páirtithe leasmhara san Aontas agus i dtíortha MERCOSUR araon, lena gcuirtear deiseanna ar fáil chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt mar aon le comhairliúchán agus scaipeadh na dtorthaí. Leis an Measúnú Tionchair cuirtear ionchur luachmhar ar fáil don phróiseas chun bearta tionlacain agus maolúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a dhearadh, lena n-áirítear trí bhíthin tograí sa staidéar.

Úsáidtear sa tuarascáil an leagan dinimiciúil de Shamhail GTAP chun staidéar a dhéanamh ar thionchair dhá chás, cás amháin acu sin coimeádach agus an cás eile uaillmhianach, i ndáil le toradh na caibidlíochta i dtéarmaí laghduithe ar bhearta taraife agus neamhtharaife ag an dá pháirtí. Sa chás coimeádach, tá méadú EUR 10.9 billiún (0.1 %) ar OTI san Aontas agus méadú EUR 7.4 billiún (0.3 %) in MERCOSUR faoi 2032, i gcomparáid leis an mbonnlíne samhaltaithe gan an comhaontú saorthrádála. Sa chás uaillmhianach, tá méadú EUR 15 bhilliún ar OTI san Aontas agus EUR 11.4 billiún in MERCOSUR.

Leis an Measúnú Eacnamaíoch ar an Toradh Caibidlíochta, déantar measúnú ar thionchar eacnamaíoch thoradh iarbhír na caibidlíochta. Níl sé bunaithe ar thoimhdí maidir leis an toradh a bhfuil coinne leis ar an gcomhaontú, rud atá éagsúil leis an Measúnú Tionchair. Sa Mheasúnú Tionchair rinneadh measúnú ar thionchar dhá chás, cás amháin acu sin coimeádach

agus an cás eile uaillmhianach, i ndáil le toradh na caibidlíochta i dtéarmaí laghduithe ar bhacainní ar thrádáil trí bhearta taraife agus neamhtharaife. Meastar sa Mheasúnú Eacnamaíoch ar an Toradh Caibidlíochta an tionchar eacnamaíoch bunaithe ar lamhháltais iarbhír na mbeart taraife agus neamhtharaife. Cuirtear san áireamh ann freisin nach bhfuil an Ríocht Aontaithe san Aontas a thuilleadh. Mínítear leis sin an difríocht i dtionchar measta an chomhaontaithe sa mheasúnú eacnamaíoch i gcomparáid leis an Measúnú Tionchair. Thairis sin, tugtar an anailís sa mheasúnú eacnamaíoch cothrom le dáta chun na forbairtí is déanaí i mbeartas trádála an Aontais a chur san áireamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú (REFIT)**

Níl Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR faoi réir nósanna imeachta REFIT. Mar sin féin, tá creat ann le haghaidh nósanna imeachta simplithe trádála agus infheistíochta, laghdú ar chostais onnmhairiúcháin agus infheistíochta agus, dá bhrí sin, fágfaidh sé go mbeidh tuilleadh deiseanna trádála agus infheistíochta ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sa dá mhargadh. I measc na dtairbhí a bhfuil coinne leo tá trédhearcacht mhéadaithe, rialacha teicniúla atá níos simplí, ceanglais chomhlíontachta, nósanna imeachta custaim agus rialacha tionscnaimh, cosaint fheabhsaithe do chearta maoine intleachtúla agus do thásca geografacha, rochtain níos fearr ar thairiscintí soláthair rialtais, chomh maith le caibidil speisialta chun cuidiú le FBManna na deiseanna a chuirtear ar fáil faoin gComhaontú a úsáid.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh. A mhalairt ar fad atá i gceist, tá sé beartaithe ag na Páirtithe oibriú i gcomhar maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n- áirítear maidir le daingniú agus cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus maidir le prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a neartú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú de gach cineál a chomhrac.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar airgeadais ag an gcuid den Chomhaontú a bhaineann le trádáil ar bhuiséad an Aontais ó thaobh ioncam de. Mar thoradh ar an tionchar sin, meastar go gcaillfear dleachtanna dar luach EUR 330 milliún ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Nuair a bheidh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil curtha chun feidhme go hiomlán san Aontas (15 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm), meastar gurb é a bheidh i gcaillteanas bliantúil na ndleachtanna EUR 1 bhilliún. Tá an meastachán sin bunaithe ar réamh-mheastachán ar éabhlóid na trádála i dtaca leis na 15 bliana amach anseo gan aon chomhaontú a bheith i bhfeidhm. Tá coinne le tionchair dhearfacha indíreacha i dtéarmaí méadú ar acmhainní atá nasctha le cáin bhreisluacha agus ollioncam náisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR forálacha institiúideacha lena mbunaítear comhchomhlachtaí chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme, oibriú agus thionchar an chomhaontaithe.

Tá struchtúr institiúideach Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR comhdhéanta de Chomhairle Chomhpháirteach, Comhchoiste, Fochoistí agus comhlachtaí eile. Déanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach formhaoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo mar aon le maoirseacht ar a chur chun feidhme. Cuideoidh an Comhchoiste leis an gComhairle Chomhpháirteach a cuid dualgas a chomhlíonadh agus déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí uile eile arna mbunú faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR. Agus cúrsaí trádála agus infheistíochta á bplé acu, tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach agus an Comhchoiste le chéile i bhfoirmíocht trádála. Le forálacha institiúideacha na Coda Trádála agus Infheistíochta de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR, bunaítear feidhmeanna agus cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí agus an Chomhchoiste ag gníomhú dóibh i gcumraíocht trádála.

Bunaítear leis an gComhaontú Fochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt agus roinnt Fochoistí a bhaineann le trádáil agus infheistíocht. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste Fochoistí nó comhlachtaí eile a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí sonracha nó ar ábhair shonracha.

Cuimsítear freisin i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR Fóram Sochaí Sibhialta chun go mbeidh an tsochaí shibhialta ar an dá thaobh in ann éisteacht a fháil maidir le forálacha uile an Chomhaontaithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR cruthaítear creat comhleanúnach, cuimsitheach agus cothrom le dáta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de le haghaidh chaidreamh an Aontais le MERCOSUR. Ina theannta sin, bunaítear leis comhpháirtíocht láidir, treisítear an t-idirphlé polaitiúil, agus doimhnítear agus feabhsaítear an comhar maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh. An tráth céanna, le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR cothófar trádáil agus infheistíocht trí rannchuidiú le leathnú agus le héagsúlú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála.

Tá Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR roinnte ina cheithre chuid. I gCuid I (Prionsabail Ghinearálta agus Creat Institiúideach) leagtar amach prionsabail agus cuspóirí ginearálta an Chomhaontaithe agus bunaítear creat institiúideach ina leith, mar a shonraítear thuas.

Is iad seo a leanas eilimintí fíor-riachtanacha an Chomhaontaithe: urraim do phrionsabail dhaonlathacha, do chearta an duine, do shaoirsí bunúsacha agus do phrionsabail an smachta reachta, chomh maith leis an gclásal maidir le neamhleathadh arm ollscriosta (AOSanna) agus leanúint de bheith ina pháirtí de mheon macánta i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus i gComhaontú Pháras.

I gCuid II (Idirphlé Polaitiúil agus Comhar), gabhann an tAontas agus MERCOSUR orthu féin an t-idirphlé agus an comhar a dhoimhniú sna réimsí seo a leanas:

- Prionsabail Dhaonlathacha, Cearta an Duine agus an Smacht Reachta agus an tSíocháin agus an tSlándáil Idirnáisiúnta
- Ceartas, Saoirse agus Slándáil
- Forbairt inbhuanaithe
- Comhpháirtíocht Shóisialta, Eacnamaíoch agus Chultúrtha.

Sa Chomhaontú cuirtear réimse leathan saincheisteanna ríthábhachtacha i dtábhacht, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide, fuinneamh inmharthana, an smacht reachta, cearta an duine agus cearta na mban, iompar gnó freagrach, cearta saothair agus laghdú rioscaí tubaiste. Le forálacha i gCuid II cumasófar gníomhaíocht níos comhordaithe agus níos comhchoitinne i réimsí nua amhail an tsláinte phoiblí, nuachóiriú stáit, bainistiú sreafaí imirce, neamhleathadh AOSanna, sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta agus cibearchoireacht.

Mar thoradh air sin, beidh comhpháirtíocht níos láidre ann ar an leibhéal domhanda e.g. maidir le Clár Oibre 2030, an ghníomhaíocht in aghaidh an athraithe aeráide agus saincheisteanna a bhaineann le rialachas daonlathach domhanda agus cearta an duine, imirce idirnáisiúnta, síocháin agus slándáil.

Tá forálacha i gCuid II freisin chun an t-idirphlé maidir le comhar idirnáisiúnta agus forbairt a dhoimhniú agus chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a éascú. Cuimsítear Prótacal maidir le comhar sa Chomhaontú lena léiríonn na Páirtithe tiomantas do chomhpháirtíocht chomhair a bheidh ina rannchuidiú le síocháin agus rathúnas, ar comhpháirtíocht í atá bunaithe ar mheas, iontaobhas, agus luachanna agus leasanna comhroinnte agus lena dtabharfar aghaidh i gcomhar le chéile ar dhúshláin, mar aon le deiseanna a thapú a thagann as Comhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR.

I gCuid III (Trádáil agus Ábhair a bhaineann le trádáil) cruthaítear creat comhleanúnach, cuimsitheach agus cothrom le dáta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de le haghaidh chaidreamh trádála an Aontais le MERCOSUR. Cothóidh sé trádáil agus infheistíocht trí rannchuidiú le leathnú agus le héagsúlú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála. Trí bhíthin an chomhaontaithe seo, tá sé d’aidhm ag an Aontas na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil dá oibreoirí ar mhargadh MERCOSUR. Téann sé níos faide ná gealltanais EDT atá ann cheana i roinnt mhaith réimsí, amhail trádáil in earraí, seirbhísí, soláthar rialtais, bacainní neamhtharaife agus cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear tásca geografacha. Sna réimsí sin uile, chomhaontaigh tíortha MERCOSUR le gealltanais nua atá suntasach i gcomparáid le téarmaí EDT. Tá forálacha ardfhorbartha sa chomhaontú freisin maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear tiomantas láidir don dífhoraoisiú.

Leis an gcomhaontú, comhlíontar critéir Airteagal XXIV CGTT (chun dleachtanna agus rialacháin shriantacha eile tráchtála a dhíothú i ndáil le beagnach gach trádáil in earraí idir na páirtithe), chomh maith le critéir Airteagal V GATS, lena bhforáiltear maidir le tástáil chomhchosúil i ndáil le seirbhísí.

I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos leis na treoracha caibidlíochta, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil le Cuid III de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR:

1. Dleachtanna ar 91 % d’earraí a onnmhairíonn cuideachtaí an Aontais chuig MERCOSUR a dhíothú de réir a chéile. Leis sin, sábhálfar os cionn EUR 4 bhilliún i ndleachtanna in aghaidh na bliana. Mar shampla, déanfaidh tíortha MERCOSUR dleachtanna arda a dhíothú ar tháirgí tionsclaíocha, amhail gluaisteáin (35 %), páirteanna gluaisteán (14 go 18 %), innealra (14 go 20 %), ceimiceáin (suas le 18 %), éadaí (suas le 35 %), táirgí cógaisíochta (suas le 14 %), bróga leathair (suas le 35 %) nó teicstílí (suas le 35 %). Ina theannta sin, leis an gcomhaontú, déanfar dleachtanna ar onnmhairí bia agus dí an Aontais a dhíothú de réir a chéile, amhail fíon (27 %), seacláid (20 %), biotáillí (20 go 35 %), brioscaí (16 go 18 %), péitseoga stánaithe (55 %) nó deochanna boga (20-35 %). Leis an gcomhaontú, cuirfear rochtain saor ó

dhleacht ar fáil freisin faoi réir cuótaí do tháirgí déiríochta an Aontais (taraif 28 % faoi láthair), go háirithe i gcás cáiseanna.

2. Oscailt chothrom an mhargaidh ag an Aontas toisc go ndíothófar leis an gcomhaontú dleachtanna allmhairiúcháin ar 92 % d'earraí MERCOSUR a onnmhairítear chuig an Aontas. Ní thugtar cóir fhabhrach do tháirgí íogaire talmhaíochta amhail mairteoil, siúcra nó éanlaith chlóis ach amháin i gcainníochtaí teoranta trí bhíthin taraif-chuótaí atá calabraithe go cúramach.

3. I gcás na hAirgintíne, Uragua agus Pharagua, cuireann an comhaontú deireadh iomlán le cánacha onnmhairiúcháin ar amhábhair agus earraí tionsclaíocha, nó déantar iad a shocrú ag nialas. Laghdaítear freisin cánacha onnmhairiúcháin ar earraí talmhaíochta (an Airgintín), nó déantar iad a dhíothú (Uragua, Paragua agus an Bhrasaíl). I ndáil le hearraí tionsclaíocha, rinne an Bhrasaíl amhábhair thábhachtacha a bhfuil gá leo le haghaidh éagsúlú eacnamaíoch an Aontais a shocrú ag nialas (nicil, copar, alúmanam, amhábhair chruach, cruach, tíotáiniam). Choinnigh an Bhrasaíl siar spás beartais chun dleachtanna onnmhairiúcháin a fhorchur ar amhábhair áirithe, agus i gcásanna den sórt sin, tá fabhair 50 % ar a laghad faighte ag an Aontas ar aon cháin onnmhairiúcháin a thabharfaidh an Bhrasaíl isteach amach anseo, mar aon le huasteorainn 25 %.

4. Sásra coimirce déthaobhach láidir lena gcuirtear ar a gcumas don Aontas agus do MERCOSUR bearta sealadacha a fhorchur chun allmhairí a rialáil i gcás méadú mór gan choinne ar allmhairí, arb é is cúis le mórdhíobháil nó bagairt mhórdhíobhála dá dtionscal intíre. Tá feidhm ag na coimircí sin freisin maidir le hearraí talmhaíochta faoin gcóras taraif-chuótaí, nó is féidir iad a theorannú do chríoch na réigiún is forimeallaí san Aontas, i gcás inarb ábhartha.

5. Tá feidhm fós ag na caighdeáin is airde i ndáil le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí maidir le gach táirge, gan beann ar cé acu a tháirgtear sa bhaile iad nó a allmhairítear isteach san Aontas iad. Tá feidhm ag prionsabal an réamhchúraim. Foráiltear leis an gcomhaontú maidir le comhar feabhsaithe le húdaráis na dtíortha comhpháirtíochta agus maidir le sreabhadh níos tapúla faisnéise faoi aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann trí bhíthin córas faisnéise agus fógartha atá níos dírí agus níos éifeachtúla.

6. Caibidil chuimsitheach maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, arb é is aidhm di a áirithiú go dtacaíonn an trádáil le cosaint an chomhshaoil agus leis an bhforbairt shóisialta. Cumhdaítear sa chaibidil saincheisteanna amhail bainistiú inbhuanaithe agus caomhnú foraoisí, urraim do chearta saothair agus iompar gnó freagrach a chur chun cinn. Cuimsítear inti freisin forálacha sonracha maidir le réiteach díospóidí agus sásra athbhreithniúcháin tiomnaithe. Cuimsítear sa chaibidil freisin gealltanas sainráite Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chur chun feidhme go héifeachtach, ar eilimint shár-riachtanach é de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR, agus den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, rud a fhágann gur féidir an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur ar fionraí má fhágann Páirtí Comhaontú Pháras nó má stopann sé de bheith ina pháirtí 'de mheon macánta'. In Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCaibidil maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe tá gealltanais maidir le dífhoraoisiú ó na Páirtithe bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le tuilleadh dífhoraoisithe ó 2030 ar aghaidh. Is é seo an chéad uair do Pháirtithe i gcomhaontú atá faoi réir réiteach díospóidí gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt chun deireadh a chur leis an dífhoraoisiú. Leis an gComhaontú, tugtar ról gníomhach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin chun forbhreathnú a

dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe, lena n-áirítear aon ábhar imní a bhaineann leis an gcomhshaol.

7. Deiseanna nua tairisceana le haghaidh tairgeoirí de chuid an Aontais le tíortha MERCOSUR, ar tíortha iad nach comhaltaí iad de Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais. Is é seo an chéad uair a osclóidh tíortha MERCOSUR a margaí soláthair rialtais. Beidh cuideachtaí an Aontais in ann tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí le húdaráis phoiblí, amhail aireachtaí rialtais láir agus gníomhaireachtaí rialtais agus cónaidhme eile, agus iad ar comhchéim le cuideachtaí ó thíortha MERCOSUR.

8. Deireadh a chur le bacainní trádála teicniúla agus rialála ar thrádáil in earraí, go háirithe trí úsáid deimhniúcháin agus cóineasaithe céadpháirtí a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh ag ISO, IEC, ITU agus Codex Alimentarius, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile a leagann síos caighdeáin i gcomhréir leis an sainmhíniú comhchoiteann arna chomhaontú ag an Aontas agus MERCOSUR. Tá comhaontú ann chun tástáil dhúblach a laghdú in earnáil na leictreonaice i réimsí ísealriosca. Beidh Iarscríbhinn shonrach maidir le Mótarfheithiclí ann freisin lena gcuirfear Rialacháin ó CEE-NA chun cinn agus lena laghdófar tástáil dhúblach san earnáil.

9. Iarscríbhinn chuimsitheach ina bhfuil forálacha mionsonraithe chun trádáil i bhfíon agus i mbiotáillí a éascú, lena gcumhdaítear aitheantas a thabhairt do chleachtais fíonóireachta, do dheimhniú agus do lipéadú, i gcomhréir leis na comhaontuithe saorthrádála is nua-aimseartha de chuid an Aontais.

10. Oscailt na n-earnálacha seirbhísí agus éascú na trádála i seirbhísí idir an tAontas agus MERCOSUR, trí bhunaíocht áitiúil agus ar bhonn trasteorann araon. Cumhdaítear leis an gcomhaontú raon leathan earnálacha seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí gnó, seirbhísí airgeadais, teileachumarsáid, iompar muirí (den chéad uair tá iompar muirí á oscailt laistigh den réigiún ag MERCOSUR), seirbhísí poist agus cúiréireachta. Cuimsítear ann freisin gealltanais maidir le fiontair a bhunú, in earnálacha seirbhísí agus neamhsheirbhísí araon. Áiritheofar leis go mbeidh cothrom iomaíochta idir soláthraithe seirbhíse an Aontais agus a n-iomaitheoirí in MERCOSUR. Caomhnaítear go hiomlán an ‘ceart chun rialáil a dhéanamh’ ar mhaithe le leas an phobail, ar gach leibhéal rialtais. Tá forálacha ardfhorbartha sa chomhaontú freisin maidir le gluaiseacht gairmithe chun críoch gnó, amhail bainisteoirí nó speisialtóirí a phostálann cuideachtaí an Aontais chuig a bhfochuideachtaí i dtíortha MERCOSUR. Tá caibidil shubstainteach ríomhthráchtála ann freisin — gné úrnua do chomhpháirtithe MERCOSUR.

11. Ardleibhéal cosanta agus forfheidhmithe maidir le cearta maoine intleachtúla lena n-áirítear forálacha mionsonraithe maidir le cóipcheart, rúin ceirde agus forfheidhmiú lena bhforáiltear maidir le cosaint fheabhsaithe.

12. Ardleibhéal cosanta agus forfheidhmithe le haghaidh Thásca Geografacha an Aontais, ar leibhéal é atá inchomparáide leis an leibhéal cosanta agus forfheidhmithe san Aontas, le haghaidh 344 ainm de chuid an Aontais de tháirgí bia, fíona agus biotáillí ar ardchaighdeán.

13. Caibidil atá tiomnaithe d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide chun a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil le Comhaontú Comhpháirtíochta AE-MERCOSUR.

14. Sásraí éifeachtúla um réiteach díospóidí, trí bhíthin eadráin phainéil nó le cuidiú ó idirghabhálaí. Cuimsítear sa chaibidil maidir le réiteach díospóidí forálacha nua atá múnlaithe ar ghearán EDT i gcás nach bhfuil sárú ann - má mheasann páirtí go ndéanann beart de chuid an pháirtí eile a thairbhí faoin gcomhaontú a neamhniú nó a lagú go substaintiúil, is féidir leis iarraidh ar phainéal breithniú a dhéanamh i ndáil leis an gceist sin.

I gCuid IV (Forálacha Críochnaitheacha) cuimsítear, *inter alia*, nós imeachta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina mainníonn Páirtí a oibleagáidí faoin gComhaontú agus forálacha maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus leasuithe ar an gComhaontú sin a chomhlíonadh.

Tugtar an Comhaontú i gcrích ar feadh tréimhse éiginnte agus, ar theacht i bhfeidhm dó, cuirtear é in ionad an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil.

2025/0192 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, Airteagal 209(2) agus Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) agus Airteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. [XX] ón gComhairle[2], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) an [XX XXX 2025], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí agus cuireadh na codanna ábhartha de i bhfeidhm go sealadach ón [...], go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(2) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(3) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iomchuí an Coimisiún a údarú chun modhnuithe áirithe ar an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais ag comhlacht arna bhunú leis an gComhaontú de bhun Airteagal 20.26 agus fhomhír (f)(ii)(iv)(xvi) d’Airteagal 9.7(1) den Chomhaontú.

(4) Leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 30.9 de, ní thugtar cearta do dhaoine ná ní fhorchuirtear oibleagáidí ar dhaoine laistigh den Aontas, seachas na cearta sin agus na hoibleagáidí sin arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Déantar leis seo an Comhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile a fhormheas thar ceann an Aontais.*

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 20.26 den Chomhaontú, aon mhodhnú nó aon cheartúchán ar Iarscríbhinní 20-A go 20-E a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

*Airteagal 3*

1. Chun críocha mhír 6 d'Airteagal 2 d'Iarscríbhinn 10-D agus fhomhír (f)(ii) d'Airteagal 9.7(1) den Chomhaontú, aon leasú ar Fhoscríbhinn 10-D-1 d'Iarscríbhinn 10-D a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

2. Chun críocha mhír 4 d'Airteagal 5 d'Iarscríbhinn 10-D agus fhomhír (f)(iv) d'Airteagal 9.7(1) den Chomhaontú, aon leasú ar Fhoscríbhinn 10-D-3 d'Iarscríbhinn 10-D a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

*Airteagal 4*

Chun críocha Airteagal 21.39 agus fhomhír (f)(xii) d'Airteagal 9.7(1) den Chomhaontú, aon leasú ar Iarscríbhinn 21-C a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

---

* Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L, XXXXX.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*